

### **Carachtair:**

In ainneoin téama an leabhair, agus a bhfuil i ndán d'Eoin, sílim gurb í Eithne príomhcharachtar an tsleachta seo. Déanann sí iarracht teacht ar réiteach na faidhbe a fheabhas agus is féidir léi. Ach rud amháin nach dtuigim - Nár chóir di labhairt le Brendan nó duine éigin eile chun cuidiú léi dul i ngleic leis an fhadhb? Ní deireann sí focal le duine ar bith agus, mar sin, caithfidh sí déileáil lena bhfuil i ndán di ina haonar. Sílim gurb í Eithne an t-aon charachtar ar a dtagann forbairt i rith an scéil.

### **Téama:**

Tá an leabhar seo ag plé le fadhb mhór shóisialta ár linne - Sciúirse na ndrugaí. Feicimid cé chomh furasta is atá sé éirí gafa le drugaí, agus feicimid go dtig leo caidreamh teaghlaigh a scriosadh. Is téama láidir é tost sa scéal seo freisin. Feictear tost sa dóigh a láimhseálann Eithne a díomá. Feictear tost ag tábla an dinnéir. Feictear tost nuair a choinníonn sí ciúin faoina huirlisí a fuair sí i seomra Eoin. Tá sé thar a bheith cliste an dóigh a cheangail an t-údar/scríbhneoir fadhb drugaí Eoin agus mídhílseacht a athar leis an airgead a thug sé dó chun coinnilt ciúin. Ba mhaith leis an bheirt acu a ndrochiompar a chlúdú suas

Léiríonn Ó'Laighléis dúinn go bhfuil díoltóirí drugaí i mbarr a réime i lár Bhaile Átha Cliath. Déanann sé cur síos paiteanta ar shaol na ndrugaí sa chathair. Tuigimid cé chomh deacair is atá sé éalú as saol baolach na ndrugaí agus tú sáite sa stíl bheatha - Go háirithe agus tú ag déileáil. I mo bharúl, tá an t-údar ag iarraidh ceacht a thabhairt dúinn faoi théama na ndrugaí. Tá sé ag iarraidh go bhféachfaimid ar an saol seo lenár súile go hiomlán oscailte. Má tá duine éigin inár gcomhlúadar gafa le drugaí, níor chóir dúinn an radharc a sheachaint.

Ar láimh amháin, déanann sé cur síos ar na comharthaí a bhaineann le handúileachas. Léiríonn sé cé chomh deacair is atá sé glacadh leis go bhfuil ball den teaghlach gafa le drugaí. Luann Ó Laighléis ionad chomhairle agus an tacaíocht a chuirtear ar fáil sna háiteanna seo. Ar an láimh eile, tugann sé

sampla dúinn de ghníomhaí míchuí - 'Sé sin, iompar an athar. Foghlaimimid sa scéal cad ba chóir duit a dhéanamh agus tú ag plé le fadhb drugaí, agus cad nár chóir duit a dhéanamh. Níor chóir duit rud beag ná greann a dhéanamh den fhadhb.

Tugann an t-údar léargas den scoth dúinn ar shaol crúalach na ndíoltóirí drugaí. Feictear nach bhfuil aon rud níos tábhachtaí sa saol sin ná an t-airgead. Is amhlaidh go bhfuil an t-airgead níos fiúntaí ná an beatha daonna. Is léir gur saol uafásach baolach é saol na ndrugaí, agus is cosúil go leanann an choiriúlacht, ná dúnmharú fiú. Is léir fosta go bhféachann Ó Laighléis ar Bhaile Átha Cliath mar chathair ina bhfuil drugaí agus coiriúlacht mar fhadhbanna tromchúiseacha. Cé gurb é Baile Átha Cliath a bhaile dúchais, is léir go dtuigeann sé lochtanna na cathrach. Scríobh an t-údar seo leabhair mar gheall ar alcólacht agus sceimhlitheoireacht chomh maith, agus tá siad uilig lonnaithe sa phríomhchathair.

#### **Barúl:**

Thaitin an sliocht liom mar tá sé réadúil agus sochreidte. Nuair a léann tú an leabhar, go háirithe an sliocht, tá craiceann na fírinne ar na carachtair, ar an chomhrá agus ar na himeachtaí. Is féidir inní agus faitíos an mháthar shamhlú ó thús an tsleachta. Cuirtear cuid mhór sonraí ar fáil, ach ní bhacann an t-údar le mionchuntais.

Ach tá rud áirithe amháin a thaitin go mór liom faoin sliocht: Ní fhaighimid fadhb Eoin amháin - Baineann sé le scéal na dtuismitheoirí chomh maith. Cuirtear síos cuid mhór ar mhothúcháin Eithne ach go háirithe. Mothaíonn sí uaigneach, éadóchasach, agus díomách. Feictear di go bhfuil sí imeallaithe ina teach féin. Ach tuigimid a cás, agus thig linn samhlú go mbéimis díreach mar an gcéanna sa chás céanna.

Ar an drochuair, tá sciúirse na ndrugaí le feiceáil i ngach áit in Éirinn i saol na linne seo. Tugann an sliocht seo léargas soiléir don léitheoir de lucht meirleachais atá ag crá agus ag creimeadh na tíre. Gan amhras, tá ábhar machnaimh sa scéal cumhachtach seo.